



Treoir maidir le Beartas um Mhaoirseacht Foirne i Seirbhísí Réamhscoile

Clár Ábhair

1.0 Cuspóir	3
2.0 Croícheanglais an Bheartais	3
Ceanglas 1	4
Ceanglas 2	5
Ceanglas 3	5
3.0 Dea-chleachtas i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm beartais mhaoirseachta	6
4.0 Aguisín.....	7
4.1 Faisnéis Tacaíochta.....	7

1.0 Cuspóir

Is é cuspóir an doiciméid seo na ceanglais rialála maidir leis an mbeartas sonrach um mhaoirseacht (foirne) a chur ar fáil do sheirbhísí réamhscoile, mar a leagtar amach in [Acht um Chúram Leanaí \(1991\)](#) agus i [Rialacháin um Sheirbhísí na Luathbhlianta \(2016\)](#). Leagtar amach sa doiciméad seo na croícheanglais rialála chomh maith le pointí teorach agus breithnithe a thacóidh le soláthraithe cláraithe chun a chinntiú go bhfuil a mbeartas agus a nósanna imeachta forbartha go hiomlán agus go léirítear iad i gcleachtais na seirbhíse.

Ba chóir an fhaisnéis sa doiciméad seo a chur i bhfeidhm ar an mbeartas sonrach um mhaoirseacht agus ar na nósanna imeachta gaolmhara sa tseirbhís réamhscoile. Ba cheart an cháipéis seo a léamh i gcomhar leis an [Treoir Phraiticiúil maidir le Beartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis a Fhorbairt i Seirbhísí Luathbhlianta](#), agus an [Creat Cáilíochta agus Rialála](#).

Le haghaidh tagartha amháin atá an cháipéis seo. Níor cheart glacadh leis go bhfuil an treoir a chuirtear ar fáil cuimsitheach nó go dtugtar léi freagra cinntitheach i ngach cás.

Tá tuilleadh acmhainní ar fáil in [Aquisín 1](#).

Ceanglais Rialála an Bheartais seo

An tAcht um Chúram Leanaí (1991) Rialacháin um Sheirbhísí Luathbhlianta (2016), Sceideal 5.1 (u)

Ciallaíonn beartas maoirseachta, i ndáil le seirbhís réamhscoile, beartas ina sonraítear an modh ina ndéantar fostaithe, oibrithe deonacha agus conraitheoirí a mhaoirsiú agus a thacú sa tseirbhís i ndáil lena gcleachtais oibre.

2.0 Croícheanglais an Bheartais

Moltar ráiteas beartais a áireamh sa bheartas seo, in éineacht leis na croícheanglais mar a leagtar amach níos déanaí sa doiciméad seo. Ba chóir go ndéanfaidh an ráiteas beartais soiléir gur gnéithe lárnacha d'fhorbairt foirne iad maoirseacht, tacaíocht agus measúnuithe feidhmíochta, agus go bhfuil próisis agus struchtúir tacaíochta agus feabhsúcháin cáilíochta i bhfeidhm do gach ball foirne, íoctha nó neamhíoctha.

Ceanglas 1

Luaitear sa bheartas go ndéantar fostaithe, oibrithe deonacha, conraitheoirí agus oiliúnaithe, de réir mar is cuí, a mhaoirsiú agus a thacú sa tseirbhís i ndáil lena gcleachtais oibre.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

- (a) Cad is maoirseacht foirne ann agus cad é a cuspóir, is é sin tacaíocht, treoir agus maoirseacht a chur ar fáil don fhoireann, chun ualaí oibre agus freagrachtaí a athbhreithniú agus a bhainistiú, agus chun smaointeoireacht ghairmiúil agus forbairt, deiseanna foghlama, cumarsáid, gníomhartha agus cinnteoireacht a chothú agus a fheabhsú, leis an aidhm fhoriomlán cáilíocht an tsoláthair sa tseirbhís a fheabhsú.
- (b) Go bhfuil rochtain ag fostaithe, oibrithe deonacha agus conraitheoirí (de réir mar is cuí) ar mhaoirseacht rialta agus ar thacaíocht ó bhainisteoir líne i ndáil lena gcleachtais oibre agus lena bhforbairt ghairmiúil.
- (c) Na cuspóirí a bhaineann le cruinnithe tacaíochta agus/nó maoirseachta idir baill foirne agus bainistíocht, lena n-áirítear soláthar na nithe seo a leanas:
 - Tacaíocht i ndáil le cleachtais oibre agus feidhmíocht.
 - Soiléireacht maidir le róil agus freagrachtaí.
 - Tacaíocht chun caighdeáin cháilíochta a chomhlíonadh.
 - Deis chun aon nuashonruithe, athruithe nó pleananna laistigh den tseirbhís nó lasmuigh di a phlé, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chleachtas.
- (d) Na nósanna imeachta maidir le:
 - tréimhsí promhaidh,
 - measúnuithe agus athbhreithnithe feidhmíochta,
 - meantóireacht/oiliúint (lena n-áirítear ó ghníomhaireachtaí seachtracha),
 - comhroinnt faisnéise agus cumarsáid laistigh den fhoireann.
- (e) Na bealaí ina ndéantar mic léinn ar shocrúchán agus/nó ar thaithí oibre a mhaoirsiú agus a thacú le linn a socrúcháin.

Ceanglas 2

Leagtar amach sa bheartas formáid, fad agus minicíocht na maoirseachta, lena n-áirítear ionduchtú agus maoirseacht leanúnach.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

- (a) An próiseas trína n-aontaíonn an maoirseoir agus an duine atá faoi mhaoirseacht ar mhinicíocht, fad agus formáid na gcrúinnithe maoirseachta.
- (b) Go ndéantar ionchais maidir le maoirseacht agus tacaíocht a shoiléiriú agus a chomhaontú le linn ionduchtaithe foirne, lena n-áirítear aon acmhainní breise atá riachtanach.
- (c) Go mbeidh clár oibre comhaontaithe ann don chruinniú.
- (d) Go bhfuil maoirseacht riachtanach ar bhonn leanúnach do gach ball foirne.
- (e) An treoir maidir le cruinnithe foirne mar ghné de thacaíocht agus de mhaoirseacht sa tseirbhís.

Ceanglas 3

Leagtar amach sa bheartas na taifid a choimeádfar le haghaidh maoirseachta, cá stórálfar na taifid agus cá fhad a choimeádfar iad.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

- (a) Na taifid atá riachtanach le haghaidh maoirseachta agus tacaíochta.
- (b) Róil agus freagrachtaí an mhaoirseora agus an duine atá faoi mhaoirseacht maidir le taifid scríofa de chruinnithe maoirseachta a choinneáil.
- (c) Na nósanna imeachta maidir le taifeadadh/miontuairiscí a ghlacadh le linn seisiúin maoirseachta agus go gcoimeádtar taifid mhaoirseachta i gcomhréir le ceanglais reachtaíochta agus rialála (lena n-áirítear [Rialacháin Réamhscoile](#) agus an [Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí](#)).
- (d) Luaitear cá stóráiltear na taifid agus an tréimhse ama a bhaineann lena gcoinneáil.

3.0 Dea-chleachtas i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm beartais mhaoirseachta

Chomh maith leis na ceanglais rialála don bheartas seo mar a leagtar amach sa doiciméad seo, is féidir le soláthraithe seirbhíse cáilíocht an chleachtais a fheabhsú i gcur i bhfeidhm an bheartais mhaoirseachta sa tseirbhís. Sa chuid seo, tugtar breac-chuntas ar dhea-chleachtas sa réimse beartais seo agus déantar tuilleadh eolais a threorú nuair atá sé ar fáil.

- Ba chóir go léireodh cur i bhfeidhm an bheartais seo na caighdeáin, go háirithe Caighdeán 10 [Eagraíocht](#).
- Soláthraíonn maoirseacht am agus spás tiomnaithe do mhachnamh agus do phlé duine le duine nó i ngrúpaí beaga.
- Bíonn cruinnithe maoirseachta rialta agus pleanáilte, agus de ghnáth eagraítear iad ar thimthriall sé seachtaine, nó níos minice más gá.
- Is próiseas lárnach í an mhaoirseacht do bhainisteoirí líne chun treoir agus tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann agus chun comhsheasmhacht a chinntiú agus cáilíocht a seirbhísí a fheabhsú.
- Ba chóir go ndíreodh cruinnithe maoirseachta ar thorthaí agus ar eispéiris leanaí, chomh maith le tascanna gairmiúla, róil agus freagrachtaí.
- Is féidir le maoirseoirí cur chuige meantóireachta agus oiliúna a ghlacadh chun tacú leis an bhfoireann, agus am a chur ar fáil chun riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí agus forbairt phearsanta a phlé, de réir mar is cuí.
- Ba chóir go gcuirfeadh cruinnithe maoirseachta feasacht mhéadaithe ar dhea-chleachtas agus ar smaointe nua in eolas gairmiúil ar fáil.
- Ba chóir go gcuirfeadh cruinnithe maoirseachta deis ar fáil don fhoireann a gcuid smaointe agus imní a chur in iúl agus aon imní ghairmiúil nó phearsanta a ardú.

4.0 Aguisín

4.1 Faisnéis Tacaíochta

- Aistear Síolta: [Treoir Chleachtais](#)
- Barnardos: [Tacaíocht agus Maoirseacht i bhFhoghlaim agus i gCúram na Luathbhlianta](#)
- Learning Hub: [Scileanna Cothaithe](#)
- Clár Linc: [Tábhacht na Meantóireachta](#)
- NCN: [Meantóireacht](#)
- Coiste Cúram Leanaí Chill Mhantáin: [I dTreo Comhlíonta agus Níos Faide Anonn](#)

Tagairt QMS	EYI-GDE12.24
Leagan	V2.0
Dáta	12/12/2025